


An Úcráin

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin mbaol cogaidh atá ann in oirthear na hEorpa. Féach ar an tuairisc den chéad uair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. ready
2. incursion, invasion
3. unanimous
4. sanctions
5. video link
6. alerted, warned
7. diplomatic attempts
8. on the horizon
9. measured, deliberate
10. allies
11. fleet



Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair. An raibh aon ní inti nár thuig tú? Iarr an rang iomlán cabhrú leat tar éis na míre.

Ceist 3

Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cad atá séanta ag an Rúis?
2. Cad a bhí le rá ag Joe Biden le linn chruinniú cheannairí an Iarthair?
3. Cén fáth ar luadh an uimhir 8,500?
4. Cad a dúirt Thomas Byrne agus Déaglán de Bréadún faoin ngéarchéim?
5. Cad a dúirt an Ríocht Aontaithe?

6. Cén plan atá ag iascairí iardheisceart na hÉireann?
7. Cad atá ag tarlú i gcoill ar imeall Chív?

Ceist 4

Cuir an fhoirm cheart de gach focal atá idir lúibíní sna bearnaí.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais chuig Nuacht TG4. Tá Stáit Aontaithe (Meiriceá) _____ faoi réir le 8,500 saighdiúir a (cuir) _____ go hoirthear na hEorpa le tacú le NATO más gá, mar gheall ar an imní (mór) _____. atá ann go bhfuil an Rúis ag beartú ionradh a dhéanamh ar an (Úcráin) _____. Tá tíortha an (Iarthar) _____ ar aon fhocal go (cuir) _____ smachtbhannaí ar an Rúis ar scála nach bhfacthas riamh cheana, má dhéanann siad ionsaí ar an Úcráin. Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag moladh do dhaoine gan (taistil) _____ chun na hÚcráine, mura bhfuil géarghá leis.

Eibhlín Ní Choistealbha

Cleachtadh míleata ag leanúint ar aghaidh i dtuaisceart na Rúise agus teannas leis an Úcráin ag méadú lá i ndiaidh (lá) _____. Bhí cruinniú ar nasc físe ag ceannairí an Iarthair chun an ghéarchéim a phlé agus táid ar aon fhocal go ngearrfar smachtbhannaí (tromchúiseach) _____ ar an Rúis má dhéanann siad ionradh ar an Úcráin. Tá sé séanta ag an Rúis go bhfuil aon (plean) _____ acu a leithéid a dhéanamh. Dúirt Uachtarán Mheiriceá go bhfuil aontacht iomlán i measc (cumhachtaí) _____ an Iarthair maidir le conas stop a chur leis an Rúis.

Ceist 5

'...ar siúl...'

Cuir na frásaí thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

ar siúl
ar shiúl
ag siúl
faoi shiúl
cuir chun siúil

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cad atá ar eolas agat faoin Úcráin agus faoin Rúis?
2. Cad atá ar eolas agat faoin gcaidreamh idir an dá thír?
3. Conas a chuirfeadh cogadh idir an Úcráin agus an Rúis isteach ar do shaol féin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. ready	<i>faoi réir, ullamh</i>
2. incursion, invasion	<i>ionradh</i>
3. unanimous	<i>ar aon fhocal</i>
4. sanctions	<i>smachtbhannaí</i>
5. video link	<i>nasc físe</i>
6. alerted, warned	<i>curtha ar an airdeall</i>
7. diplomatic attempts	<i>iarrachtaí taidhleoireachta</i>
8. on the horizon	<i>ar na bacáin</i>
9. measured, deliberate	<i>meáite</i>
10. allies	<i>comhghuaillithe</i>
11. fleet	<i>cabhlach</i>

Ceist 2

Iarr ar na foghlaimeoirí féachaint ar an mír den chéad uair agus bíodh plé oscailte agat leis an rang ar fad faoi na nithe nár thuig siad sa tuairisc. Téigh siar ar na deacrachtaí a bhí acu agus cuir an mhír ar siúl arís.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais chuig Nuacht TG4. Tá Stáit Aontaithe **Mheiriceá** faoi réir le 8,500 saighdiúir a **chur** go hoirthear na hEorpa le tacú le NATO más gá, mar gheall ar an imní **mhór** atá ann go bhfuil an Rúis ag beartú ionradh a dhéanamh ar an **Úcráin**. Tá tíortha an **larthair** ar aon fhocal go **gcuirfear** smachtbhannaí ar an Rúis ar scála nach bhfacthas riamh cheana, má dhéanann siad ionsaí ar an Úcráin. Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag moladh do dhaoine gan **taisteal** chun na hÚcráine, mura bhfuil géarghá leis.

Eibhlín Ní Choistealbha

Cleachtadh míleata ag leanúint ar aghaidh i dtuaisceart na Rúise agus teannas leis an Úcráin ag méadú lá i ndiaidh **lae**. Bhí cruinniú ar nasc físe ag ceannairí an larthair chun an ghéarchéim a phlé agus táid ar aon fhocal go ngearrfar smachtbhannaí **tromchúiseacha** ar an Rúis má dhéanann siad ionradh ar an Úcráin. Tá sé séanta ag an Rúis go bhfuil aon **phlean** acu a leithéid a dhéanamh. Dúirt Uachtarán Mheiriceá go bhfuil aontacht iomlán i measc **chumhachtaí** an larthair maidir le conas stop a chur leis an Rúis.

Ceist 5

ar siúl – going on, in progress
ar shiúl – gone, away
ag siúl – walking
faoi shiúl – in motion
cuir chun siúil – send someone away

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais chuig Nuacht TG4. Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi réir le 8,500 saighdiúir a chur go hoirthear na hEorpa le tacú le NATO¹ más gá, mar gheall ar an imní mhór atá ann go bhfuil an Rúis ag beartú ionradh a dhéanamh ar an Úcráin. Tá tíortha an Iarthair ar aon fhocal go gcuirfead smachtbhannaí ar an Rúis ar scála nach bhfacthas riamh cheana, má dhéanann siad ionsaí ar an Úcráin. Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag moladh do dhaoine gan taisteal chun na hÚcráine, mura bhfuil géarghá leis.

Eibhlín Ní Choistealbha

Cleachtadh míleata ag leanúint ar aghaidh i dtuaisceart na Rúise agus teannas leis an Úcráin ag méadú lá i ndiaidh lae. Bhí cruinniú ar nasc físe ag ceannairí an Iarthair chun an ghéarchéim a phlé agus táid² ar aon fhocal go ngearrfar smachtbhannaí tromchúiseacha ar an Rúis má dhéanann siad ionradh ar an Úcráin. Tá sé séanta ag an Rúis go bhfuil aon phlean acu a leithéid a dhéanamh. Dúirt Uachtarán Mheiriceá go bhfuil aontacht iomlán i measc chumhachtaí an Iarthair maidir le conas stop a chur leis an Rúis.

Tá 8,500 saighdiúir curtha ar an airdeall ag na Stáit Aontaithe le bheith ullamh imeacht go hoirthear na hEorpa chun tacú le NATO.

Thomas Byrne, Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha

Tá a lán iarrachtaí ar siúl, iarrachtaí taidhleoireachta, ar siúl faoi láthair, ag iarraidh go stopfaí é seo. Agus táimidne ar son na síochána agus tá súil agam nach rachaidh Putin ar an ionsaí isteach san Úcráin. Ach, má dhéanann sé é sin, beidh a lán deacrachtaí againn go léir san Eoraip.

Déaglán de Bréadún, Colúnaí Polaitiúil leis an Irish News

Tá sé deacair a rá, ach ní dóigh liom go bhfuil cogadh ar na bacáin. Tá na Meiriceánaigh ag tabhairt le fios go ngearrfar pionóis throma eacnamaíochta nó smachtbhannaí ar an Rúis má tharlaíonn a leithéid. Mar thuairisceoir, chuir mé féin aithne ar Sergey Lavrov, Aire Gnóthaí Eachtracha na Rúise agus is duine ciallmhar meáite é siúd, ach tá an cinneadh deireanach ag Putin féin.

Eibhlín Ní Choistealbha

Idir an dá linn, tá iarrtha ag an Ríocht Aontaithe ar a gcuid comhghuaillithe an fód a sheasamh agus foláireamh tugtha acu go bhféadfadh sé go marófaí scata daoine má dhéanann an Rúis ionradh.

Anseo ag an mbaile, tá sé i gceist ag iascairí amach ó chósta an iardheiscirt cur isteach go síochánta ar chleachtadh chabhlach na Rúise amach ó chósta an iardheiscirt an mhí seo chugainn. Dúirt Ambasáid na Rúise tráthnóna go mbeadh a leithéid mífhreagrach.

Thar n-ais san Úcráin, i gcoill ar imeall Chív, tá sibhialtaigh á dtraenáil chun a bheith ullamh chun tacú le hArm na hÚcráine, má théann an Rúis ar an ionsaí.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

¹ ECAT, *Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh* an teideal oifigiúil

² leagan canúnach de ‘tá siad’